



GOAL

Triomach agus Imirce san Aetóip

Acmhainn um Oideachas
Forbartha do Bhunscoileanna

Clár Ábhar

- 03 **Réamhrá**
- 04 **Conas an acmhainn seo a úsáid**
- 05 **Scéim oibre**
- 07 **Ceacht 1**
- 12 **Ceacht 2**
- 17 **Ceacht 3**
- 20 **Ceacht 4**
- 24 **Ceacht 5**
- 29 **Bileog um thaifead foghlama**
- 30 **Bileog féinmheasúnaithe**
- 31 **Naisc úsáideacha agus smaointe leanúnacha**

Íomhá an chlúdaigh thosaigh:
Adi Goticha, 50, as Crios Borena Zone, réigiún
Oromiya, An Aetóip. Arna thógáil i Márta 2017 ag
Anteneh Tadele, GOAL san Aetóip.



Réamhrá

An raibh a fhios agat go bhfuil timpeall 820 milliún duine ocrach ar domhan faoi láthair? An raibh a fhios agat go bhfuil Éire, mar aon le 192 tír NA eile, tiomanta do DEIREADH LE HOCRAS faoi 2030 mar cheann de na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe¹?

Cén fáth go bhfuil ocras domhanda ag méadú in ionad a bheith ag laghdú? Cén chaoi a bhfuil athrú aeráide ag imirt tionchair ar leibhéil ocras? Agus an raibh a fhios agat go bhfuil ocras, bochtaineacht agus tionchair an athraithe aeráide ar roinnt de na bunchúiseanna le himirce?

Tá an acmhainn seo dírithe ar mhúinteoirí ranganna sinsearach ag leibhéal bunscoile. Fiosraítear ann saincheistanna cosúil leo siúd a luadh thuas - bochtaineacht, ocras, triomach agus imirce. Mar aon leis an Spotsolas ar an tSúdáin Theas, acmhainn um Oideachas Forbartha a d'fhorbair GOAL in 2015, úsáidtear drámaíocht chun téamaí san Oideachas Forbartha a fhiosrú.

Tá drámaíocht ina bhealach an-mhealltach chun foghlaim faoi dhaoine agus áiteanna ar bhealach sothuigthe do leanaí, mar go ndaingnítear smaointe teibí ón gcuraclam. Tá cumas uathúil aige rannpháirtithe chun comhthéacsanna nach bhfuil aithne acu orthu agus gnéithe de thaithí an duine a dtagtar orthu trí Oideachas Forbartha a chumasú. Tugann drámaíocht, atá bainteach go príomha le fadhbanna a threoshuíomh, comhthéacsanna barántúla chun go leor dearthaí a ghlacadh agus a fhiosrú agus éascaíonn sé rannpháirtithe le hoibriú go cruthaitheach agus go comhoibrítheach chun réitigh a fháil.

Cé go bhfuil sé ábhartha do churaclam na drámaíochta agus go leor réimsí curaclaim eile ag leibhéal bunscoile sinsearaí, tá fócas láidir Oideachas Forbartha ag an acmhainn seo. Tá sé mar aidhm leis eolas agus tuiscint ar shaincheistanna domhanda agus ar idirnascthacht agus idirspiléachas tíortha agus daonraí a mhéadú. Anuas air sin, déantar iarracht leis scileanna smaointeoireacht chriticiúil a fhorbairt agus braistint chómhuintearais leis an gcine daonna a chothú agus meonta comhbhá, dlúthpháirtíochta agus measa a fhorbairt.

Tá súil againn go mbaineann sibh taitneamh as an acmhainn seo a úsáid agus a chur in oiriúint do do rang chun taithí foghlama cumhachtach agus speisialta a chruthú.

1 - In 2015, ghlac ceannairí NA an domhain ar fad leis na SDGanna. Leagtar amach iontu cad is gá do gach tír a dhéanamh chun todhchaí níos cothroime, níos inbhuanaithe a chruthú do gach duine faoi 2030. Más mian leat tuilleadh a fhoghlaim faoi na SDGanna, féach ar shuíomh gréasáin na NA: <https://www.un.org/sustainabledevelopment/sustainable-development-goals/>

Conas an acmhainn seo a úsáid

Cuireann an acmhainn seo scéim oibre agus cúig phlean ceachta i láthair.

- ✓ **Cuirtear gach plean ceachta i láthair i gcéimeanna simplí agus dearadh é le bheith uair ar fhad.**
- ✓ **Ionchorpraítear ceisteanna tábhachtacha síos tríd mar aon le nótaí breise múinteora ina bhfuil eolas cúlra nuair is gá.**
- ✓ **In aice le gach ceacht tá acmhainní is féidir cóipeanna a dhéanamh díobh a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uait.**

Mar gheall go bhfuil gníomh a ghlacadh lárnach in Oideachas Forbartha, áirítear naisc úsáideacha sna pleananna ceachta seo a leanas. Dearadh roinnt nasc le bheith húsáideach do bhreisfhoghlaim agus obair tionscadail, agus moltar i roinnt eile gníomhartha leanúnacha a d'fhéadfadh ranganna glacadh leo. Molaimid go láidir go smaoiníonn múinteoirí ar an bhfoghlaim a shíneadh agus gníomh a ghlacadh chun taithí Oideachas Forbartha saibhir a chruthú.

Rinneadh breith freisin ar mheasúnú agus áiríodh bileoga oibre um measúnú foirmitheach agus suimitheach. Déantar iarracht leis an mbileog féinmheasúnaithe athruithe in eolas, scileanna agus meonta agus luachanna an dalta a thomhas, agus áiríodh teimpléad 3-2-1 le ceadú do mhúinteoirí rannpháirtíocht agus foghlaim an dalta a thomhas.

Sula dtosaítear ar cheacht a haon, molaimid go bhfoghlaimíodh daltaí beagán faoin Aetóip. Tabharfaidh sé seo comhthéacs níos mó don drámaíocht. Mar shampla, d'fhéadfaí breith a dhéanamh ar na ceisteanna leathana seo a leanas:

1. Cá bhfuil an áit seo?
2. Cén saghas áit é féin?
3. Cén fáth go bhfuil an áit mar atá?
4. Cén chaoi a bhfuil an áit ag athrú?
5. Cén chaoi a bhfuil nasc ag an áit le háiteanna eile?
6. Cén chaoi a bhfuil an áit seo éagsúil nó cosúil le háiteanna eile?
7. Cén chaoi a mothódh sé bheith san áit seo?

(tógtha An Tíreolaíocht: Treoirínte an Mhúinteora, 1999)



Comhad fíricí: An Aetóip

Láthair: Oirthear na hAfraice, tá teorainn aige le Djibouti, an Eiritré, an Chéinia, an tSomáil, an tSúdáin agus an tSúdáin Theas

Méid: 1.104 milliún km²

(timpeall an méid céanna leis an bhFrainc agus an Spáinn le chéile)

Daonra: 104 milliún

Aois airmheánach: 18.9

Ionchas saoil: 62 bliain

Príomhchathair: Addis Ababa

Teangacha: Oraimis, Amáiris, eile

Reiligiúin: Ceartchreidmheach Aetópach, Moslamach, Protastúnach, traidisiúnta, Caitliceach, eile

Geilleagar: Tír thalmhaíochta is ea an Aetóip go príomha - cónaíonn os cionn 80% den daonra i gceantair thuaithe

Áirítear leis na rudaí a onnmhairítear caife, glasraí, ór, bláthanna, ainmhithe beo, táirgí leathair amha agus táirgí feola

Tá an Aetóip ar cheann de na geilleagair is tapúla atá ag fás san Afraic

Scéim oibre

Leibhéal ranga:

Rang a cúig/sé

An líon ceachtanna agus fad:

5 cheacht 1 uair an chloig

Cuspóir foghlama:

Le cur ar chumas daltaí tionchar an triomaigh ar theaghlach tuaithe Aetópach a fhiosrú, trí thaithí shamhalta, lena n-áirítear imirce tuaithe go huirbeach, agus chun na dearcthaí éagsúla ar imirce a fhiosrú

An Curaclam Drámaíochta:

Seasamh:

Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus smaointe a fhiosrú, a thabharfaidh tuiscint dóibh

Snáithaonaid:

Drámaíocht a fhiosrú agus a dhéanamh; Machnamh a dhéanamh ar an drámaíocht; Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh dráma

Comhtháthú:

Gaeilge:

Scribhneoireacht - cumais chognaíocha a fhorbairt trí theanga; Forbairt mhothúchánach agus shamhlaíoch trí theanga

Tíreolaíocht:

Timpeallachtaí daonra - Daoine agus tailte eile

Amharc-ealaíona:

Líníocht - Líníochtaí a dhéanamh; Féachaint agus freagairt

OSPS:

Mé féin agus an domhan níos leithne - Saoránacht a fhorbairt

Tá na teicnící drámaíochta seo a leanas sa scéim seo:

Tableau, mím, tobchumadóireacht, coimrí folaithe, tapáil smaointe, rolla ar an mballa, pictiúir reoite, íomhánna cnuasaitheacha, diancheistiú, fuaimdhreach, déanamh dráma i ngrúpa beag, íomhánna cainte, múinteoir i ról, lána coinsiasa, machnamh

Réamhriachtanais chun drámaíocht a dhéanamh

Ábhar:

Foghlaim faoin saol san Aetóip, taithí ar an triomach, iarmhairtí an triomaigh lena n-áirítear ocras agus imirce, dearcthaí éagsúla ar an imirce, srl.

Díriú an Oideachais Forbartha:

Ábhar: Bochtaineacht, turraingí aeráide, triomach, ocras, dúshaothrú páistí, imirce

Scileanna: Ceistiú, smaointeoireacht chriticiúil, réiteach fadhbanna, cumarsáid, comhoibriú

Luachanna agus meonta: Comhbhá, dlúthpháirtíocht, meas

An lionsa ficseanúil:

Cruthú teaghligh san Aetóip faoin tuath, cruthú saoil in Addis Ababa d'imircigh, cruthú Real World Productions - cuideachta a dhéanann cláir faisnéise

Timpeallacht shábháilte a chruthú:

Cruthaítear spás atá sábháilte go fisiciúil do na daltaí le hoibriú ann, cuirtear rialacha drámaíochta nó conarthaí drámaíochta atá i bhfeidhm i gcuimhne do dhaltaí, agus tá luach agus meas ar obair daltaí

Acmhainní:

Téip chumhdaigh, páipéar, marcóirí, stopuaireadóir, íomhánna de bhóithre agus de mhargaí na hAetóipe, nótaí post it, gearrthóg nuachta taifeadta, teimpléad d'iontráil dialainne, íomhánna de Addis Ababa, comharthóir ról (seaicéad culaithe), páipéarachas éagsúil Real World Productions (cáipéisíocht um phrótacal agallaimh, srl.).

Difreáil:

Grúpaí le cumais mheasctha, ceistiú

Measúnú:

Breathnóireacht mhúinteora, measúnú piara, machnaimh

Féach 'Bileog um thaifead foghlama' (measúnú foirmitheach) agus 'Bileog féinmheasúnaithe' (measúnú suimitheach)

Tabhair faoi deara: B'fhéidir go mbeadh ábhar an imirce íogair do roinnt daltaí sa rang. Moltar é seo a chur san áireamh agus, más gá, labhairt le daltaí agus tuismitheoirí roimh thabhairt faoi na ceachtanna.

Ceacht 1

Forbhreathnú ceachta:

Fiosraítear sa cheacht seo an cruatan a bhíonn roimh daoine faoin tuath san Aetóip tar éis go dteipeann an bháisteach níos túsce sa bhliain

Acmhainní:

Bileoga móra páipéir, marcóirí, stopuaireadóir, téip chumhdaigh, grianghraif de mhargaí na hAetóipe, cártaí rogha stallaí margaidh

Tabhair faoi deara:

Cuimhnigh an chéad chuid den 'bhileog féinmheasúnaithe' a líonadh roimh thús an cheachta.

Céim 1

Roinn na daltaí ina ngrúpaí, tabhair marcóir agus bileog mhóir pháipéir do gach grúpa. Abair leo tobsmaointeoireacht a dhéanamh agus a mhéad cúiseanna agus is féidir le dul ar thuras a scríobh síos laistigh de dhá nóiméad. Úsáid stopuaireadóir nó amadóir seomra ranga ar líne chun am a choinneáil. Ag an deireadh, seiceáil cé acu grúpa a raibh an líon smaointe is mó acu agus iarr ar gach grúpa a smaointe a chur i láthair.

An mbeadh na cúiseanna seo i bhfeidhm do dhaoine i dtíortha eile?

Cé acu a bheadh i bhfeidhm do dhaoine faoin tuath san Aetóip?

Céard iad na cúiseanna eile a ndéanfadh daoine ansin turais?

Céim 2

Leis an téip chumhdaigh, socraigh bóthair faoin tuath san Aetóip ag tabhairt le fios an treo chuig an mbaile is cóngaraí. Iarr ar na daltaí spás a thógáil ar an mbóthar sin go haonarach, ag teacht chuig nó ag imeacht ón mbaile, agus fanacht sa staid sin. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh in dhá ghrúpa má bhíonn uimhreacha móra i gceist. Ba cheart go ndéanfadh daltaí iarracht scéal a insint lena staideanna, m.sh. an bhfuil siad sásta/brónach/tuirseach/sceitimíneach, an bhfuil siad ag iompar/tarraingt/brú rud éigin? Nuair a bhíonn an tableau cnuasaitheach cruthaithe ag na daltaí, leag lámh ar ghualainn daoine aonair le cloisteáil céard atá ar a n-intinn.

Cén imní atá ort? (leis na daltaí ina seasamh i ról ar an mbóthar)

Céim 3

Taispeáin pictiúir do na daltaí de mhargaí san Aetóip agus iarr orthu cur síos a dhéanamh ar an méid a fheiceann siad, lena n-áirítear na cineálacha stallaí. Tarraing a n-aird ar na cártaí rogha um stalla margaidh. Míneigh go socróidh siad a radharc margaidh féin. Roinn na daltaí ina ngrúpaí agus iarr ar gach grúpa cárta rogha um stalla margaidh a roghnú. Iarr ar gach grúpa mím ghairid a chruthú ina léireofar idirghníomhaíochta ag a stalla, m.sh. idirbheart, margáil, argóint, goid, srl. Déan plé ar an gcaoi ba mhaith leis an rang dul ar aghaidh leis an spás margaidh a shocrú. Nuair a bhíonn na grúpaí réidh, abair leo a mímeanna a thaibhiú ceann i ndiaidh a chéile mar thaibhiú timpealláin.

Cén chaoi a socróimid radharc margaidh?

Ar mhaith leat prapaí a áireamh?

Cé mhéad prapa ba cheart a bheith ag gach grúpa?

Airgeadra san Aetóip:

Tugtar birr ar an airgeadra san Aetóip. Is ionann 1 birr agus timpeall 3 cent. Is ionann 1 euro agus timpeall 26 birr.



Céim 4

Roinn an rang ina mbeirteanna. Míinigh go bhfuil cailín darb ainm Martha ag an margadh agus go ndéanfaidh siad tobchumadh ar chomhrá idir Martha agus trádálaí margaidh. Iarr ar na daltaí a aithint cé hiad A agus B (Martha agus an trádálaí) ina bpéire. Bailigh gach A le chéile agus tabhair treoir dóibh – féach thíos. Ansin tabhair treoir do gach B. Treoraigh na beirteanna chun a spás féin a aimsiú sa seomra agus an comhrá ag an margadh a thobchumadh.

Martha - tá sí dhá bhliain déag d'aois, tá deartháir níos sine agus ceathrar siblí níos óige aici. Tugann a hathair (a bhfuil droch-chos aige) aire dóibh mar gur bhásaigh a máthair roinnt blianta ó shin. Cónaíonn siad ar fheirm bheag. Mar gheall gur theip ar an mbáisteach deiridh tá a gcuid beatha ag rith amach go tapa - níl ach mála amháin beatha fágtha acu agus ní leor é sin chun iad a bheathú ar feadh roinnt seachtainí go dtí go bhfásann na barra nua. Tá siad gearrtha siar go béile amháin sa lá cheana féin. Tá cuma tinn ar na leaná níos óige agus mar sin dhíol an teaghlach an bhó dheiridh a bhí acu (tá dhá ghabhar fós acu) chun tuilleadh beatha a cheannach ag an margadh. Tá Martha ag súil go bhfaighidh sí dhá mhála mine ón trádálaí.

Trádálaí - is fear an-chineálta, tuisceanach é a dhéanann go leor margaí maidir do dhaoine atá i ndroch-chaoi. Níl a bhean chéile chomh tuisceanach céanna agus teastaíonn uaithi go ndéanfadh sé tuilleadh airgid. Tá páiste (a gcúigiú leanbh) ar an mbealach acu agus teastaíonn teach níos mó go géar uathu. Bhí argóint acu maidir le hairgead an mhaidín sin agus bhagair a bhean colscaradh murar féidir leis an trádálaí tacú leis an teaghlach.

Na Séasúir san Aetóip

Tá trí shéasúr san Aetóip. Ó Mheán Fómhair go Feabhra tá séasúr fada tirim ar a dtugtar an bega; bíonn tréimhse ghairid báistí ina diaidh seo, an belg, i Márta agus Aibreán. Bíonn Bealtaine te agus tirim roimh an séasúr báistí fada ar a dtugtar an kremt, i Meitheamh, Iúil agus Lúnasa.

Tar éis na tobchumadóireachta, bailigh an rang i gciorcail chun na torthaí a phlé.

Cén chaoi a raibh an taithí sin do Martha/don trádálaí?

Cén toradh a bhí leis?

An raibh sé/sí ceart chun a dhéanamh?

Céard a cheapann tú a inseoidh Martha dá teaghlach faoina turas chuig an margadh?

Céim 5

Iarr ar na daltaí a shamhlú gurb iad Martha agus an turas á dhéanamh aici abhaile ón margadh. Abair leo seasamh ar an mbóthar mar Martha. Leag lámh ar ghualainn na ndaltaí chun a smaointe a fháil, ina ról, faoin turas abhaile seo.

Céard a bheadh ag déanamh imní do Martha?

Céard a bheadh ar a hintinn?

Céim 6

Iarr ar na daltaí machnamh a dhéanamh ar am ina saolta nuair a bhí am deacair acu féin nó ag duine a bhfuil aithne acu orthu. D'fhéadfaí carachtair ficseanúla a áireamh anseo. Míinigh nach gá dóibh an taithí a phlé, ach focal a roghnú a oireann don chruatan a mhothaigh siad. Tabhair nótaí post it agus marcóirí/pinn do gach dalta chun an focal a roghnaíonn siad a scríobh agus taispeáin é.

An cuimhin leat am a raibh am deacair agat féin nó ag duine a bhfuil aithne agat orthu?

An gceapann tú go bhfuil aon cheann de na mothúcháin seo ag Martha ná ag a teaghlach?

Grianghraif de mhargaí san Aetóip



Grianghraif de mhargaí san Aetóip



Cártaí smaointe do stallaí margaidh



Seastán bia te

Snasú bróg

Tae agus caife

* fástar tae agus caife san Aetóip

Stalla feola

* is sócamas í an fheoil amh san Aetóip

Torthaí agus glasraí

Stalla bróg

Díoltóir spíosraí

Stalla ainmhí




Ceacht 2

Forbheathnú ceachta:

Fiosraítear sa cheacht seo, tionchar an triomaigh ar Martha agus ar a teaghlach

Acmhainní:

Bileoga móra páipéir, marcóirí, grianghraif d'uirlisí feirme traidisiúnta na hAetóipe, iontráil dialainne Desta



Céim 1

Réitigh trí theimpléad rolla ar an mballa roimh ré. B'fhéidir go dteastódh uait roinnt sonraí tábhachtacha a thaifeadh faoi Martha, Desta (deartháir Martha) agus Solomon (athar Martha), agus fíricí faoi na carachtair a chur taobh amuigh den teimpléad (aois, suíomh sa teaghlach, tréithe fisiciúla, rudaí a thaitníonn/nach dtaitníonn leo), agus tabharfar sonraí ar a mianta agus a mbrionglóidí sa teimpléad. Mar shampla, d'fhéadfaí na nithe seo a leanas a áireamh:

Martha - (taobh amuigh)

- an cailín is sine sa teaghlach
- comhbhách
- is maith léi an scoil

Desta - (taobh amuigh)

- leisciúil

Solomon - (taobh istigh)

- teastaíonn uaidh go bhfaigheadh a leanaí oideachas maith

Cuir an rang i gciorcail. Míneigh go bhforbróidh sibh le chéile baill lárnacha theaghlach Martha. Féach ar na rudaí a taifeadh cheana agus iarr ar an rang moltaí a thabhairt de rudaí eile a d'fhéadfaí a áireamh.

Céard ba mhaith le Martha/Desta a dhéanamh nuair a bheidh siad níos sine?

Céard a theastaíonn ó Solomon dá chuid gasúir?

Céim 2 - roghnach

Féach ar na pictiúir d'uirlisí feirmeoireachta na hAetóipe agus cuir modhanna feirmeoireachta in Éirinn i gcomparáid le modhanna feirmeoireachta san Aetóip.

Céim 3

Roinn an rang ina ghrúpaí de thriúr agus tabhair ról Martha, Desta nó Solomon do dhuine díobh. Míneigh gur gearr go mbeidh an séasúr báistí linn arís agus go bhfuil an teaghlach ag súil le báisteach níos fearr an uair seo. Iarr ar gach grúpa dhá phictiúr reoite, nó íomhá amhairc a chruthú ina ghabhtar nóiméad in am - ceann roimh an bháisteach a bhfuiltear ag súil leis agus ceann nuair a theipeann an bháisteach, agus go dteipeann ar na barra. Murar féidir an rang a roinnt go cothrom i ngrúpaí de thriúr, féadfaidh roinnt daltaí ról siblíne níos óige Martha agus Desta a ghlacadh.

Ar thug tú faoi deara aon chosúlachtaí sna rudaí a taispeánadh sa chéad/dara radharc?

Cad iad na téamaí a tháinig chun cinn?

Cén chaoi a mbeadh an dara radharc difriúil dá mbeadh an bháisteach tagtha?

Céim 4

Iarr ar na grúpaí a shamhlú go bhfuil siad ina suí timpeall ar thine tráthnóna amháin. Déan aithris ar an sliocht seo a leanas agus déanadh na daltaí mímeáil leat.

'Suíonn Solomon agus a leanaí timpeall ar thine, tuirseach tar éis a bheith ag obair ar feadh an lae - ag bailiú uisce, ag tabhairt aire do na gabhair, ag lorg bia. Féachann siad isteach sa phota áit a bhfuil béile ullmhaithe ag Martha. Níl ann ach méid suarach beatha, ar éigean dóthain le haghaidh beirt, ná bac le seachtar. Breathnaíonn siad timpeall ar a chéile, agus fios acu ar fad go mbeidh ocras orthu arís anocht. Tá seachtainí ann ó bhí béile den mhéid cheart acu, beag beann ar thrí bhéile cearta sa lá. Tá a fhios acu nach iad féin amháin atá sa chás seo, tá muintir an tsráidbhaile ar fad sa bhád céanna. Níl a fhios acu cé mhéad eile atá siad in ann a sheasamh?'

Céim 5

Ina ngrúpaí, iarr ar na daltaí tobchumadóireacht a dhéanamh ar radharc níos deireanaí an tráthnóna sin nuair a labhraíonn an teaghlach faoi na rudaí is ceart dóibh a dhéanamh. Tabhair na daltaí atá i bpáirt Martha/Desta/Solomon i leataobh agus labhair leo.

Solomon - teastaíonn uaidh Martha a thógáil amach as an scoil, chun airgead a shábháil agus ionas gur féidir léi uisce a bhailiú don teaghlach. Níl uisce ar fáil sa cheantar áitiúil mar gheall ar an triomach agus caithfidh daoine siúl ar feadh uaireanta an chloig chun é a fháil. Faoi láthair siúlann an teaghlach trí huair an chloig bealach amháin chun uisce a fháil.

Martha - ceapann sí gur cheart dóibh an dá ghabhar atá fágtha acu a dhíol. Tá imní uirthi mar nach bhfuil siad ag féachaint go maith agus go dteastaíonn níos mó bia agus uisce uathu ach ní féidir leis an teaghlach é a chur ar fáil. Ceapann sí go bhfuil sé níos cineálta iad a dhíol anois agus go gcabhróidh an t-airgead leis an teaghlach bia a cheannach.

Desta - ceapann sé go mbíonn strus ar a theaghlach agus go dtéann siad thar fóir le rudaí. Ceapann sé go mbeidh gach rud togha; chuaigh siad trí rudaí níos measa cheana agus tháinig siad as. Déanann sé iarracht gach duine a choinneáil socair agus cuireann sé i gcuimhne dóibh go bhfuil post faighte aige le déanaí ag díol adhmaid tine. (Ní nochtann sé go bhfuil sé i gceist aige airgead a shábháil i gcomhair ticéad bus chuig Addis Ababa, príomhchathair na hAetóipe, áit a bhfuil sé i gceist aige saol nua a thosú i bhfad ó chruatan na feirme).

Déan plé ar thorthaí éagsúla na dtobchumadóireachtaí grúpa agus ansin nochtáigh rún Desta.

An raibh sé réasúnach do Solomon a mholadh go dtógfaí Martha amach as an scoil?

Ar tháinig aon mholadh malartach chun cinn?

Cén chúis eile a d'fhéadfadh a bheith ag Desta chun a phleananna a choinneáil rúnda?

An aontaíonn tú le plean Desta?

Dá mba tusa Desta, an gcuimhneofá dul ar imirce chuig an gcathair? Cén fáth?

Céim 6

Mar rang, déan plé ar na bealaí a dhéileáilann na teaghlaigh le triomaigh, m.sh. an bia a shrianadh, méid na mbéilí a laghdú, barra seilbhe a dhíol, athphlandáil, obair a lorg, imirce. Liostaigh iad seo ar an gclár nó ar bhileog pháipéir.

An bhfuil bealaí áirithe le déileáil leis níos fearr ná bealaí eile?


Céard a d'fhéadfaí a dhéanamh le cabhrú le daoine a chónaíonn i gceantair thriomaigh?

Cé a d'fhéadfadh rud éigin a dhéanamh?

Céard a dhéanann carthanais le cabhrú le teaghlaigh cosúil le ceann Martha?

An gceapann tú gur bealach maith amach as an mbochtaineacht í an imirce?

Uirlisí feirmeoireachta traidisiúnta na hAetóipe



Sluasaid Hararghe

Ainm áitiúil - Akaffaa

Úsáidtear é le haghaidh tochairt, ithir agus gaineamh a bhogadh, agus chun bealaí uisciúcháin a oscailt chuig an bhfeirm.


Grafóg Hararghe

Ainm áitiúil - Dongoraa

Úsáidtear é le haghaidh ithir a thochairt agus a ghearradh agus le fáil réidh le féar agus fiailí.



Uirlisí feirmeoireachta traidisiúnta na hAetóipe



Corrán Hararghe


Ainm áitiúil - Mencha

Úsáidtear é chun barra gráin a bhaint nó chun foráiste súmhar a ghearradh a d'úsáidfí go príomha chun an beostoc a bheathú (gearrtha go húr nó triomaithe mar thuí).

Tua Hararghe

Ainm áitiúil - Kottoo

Úsáidtear é chun adhmaid a ghéarú, a scoilteadh agus a ghearradh; úsáidtear é freisin chun adhmaid, toim agus sceacha a ghearradh.



Iontráil dialainne

A Dhialann,

Anois agus post faighte agam ar deireadh, tá ábhar dóchais agam. Feicim bealach amach as seo chuig saol nua sa chathair.

Tá mé tinn den anró a bhaineann leis an saol anseo faoin tuath. Tá streachailt ag baint le gach rud. Dá mbeinn in ann dul chomh fada leis an gcathair anois, tá a fhios agam go n-éireodh liom. Ceapaim go ndéanfainn dóthain airgid fiú le roinnt a sheoladh ar ais anseo le facú leis an teaghlach.

Cúpla mí eile de seo agus beidh dóthain sábháilte agam le mé a thabhairt chuig an gcathair.

Ní féidir liom fanacht!

Dea.

Ceacht 3

Forbhreathnú ceachta:

Fiosraítear sa cheacht seo tionchar an imirce ar an teaghlach, agus imirce níos leithne

Acmhainní:

Marcóirí, bileoga móra páipéir, cathaoir, teimpléad d'iontráil dialainne, cruinneog, mapa den domhan

Céim 1

Mínigh go bhfuil an triomach ag dul ar aghaidh agus go mbogfaidh Martha agus Desta chuig an bpríomhchathair, Addis Ababa, le chéile chun obair a aimsiú. Idir an dá linn, bhog aintín isteach le Solomon le cabhrú leis aire a thabhairt don teaghlach. Roinn na daltaí ina ngrúpaí. Abair leo dhá phictiúr a tharraingt go cnuasaitheach ina ngrúpaí - ceann a léiríonn an áit óna bhfuil Martha agus Desta ag bogadh, agus ceann ina dtaispeántar an áit a bhfuil siad ag dul.

Tabhair bileoga móra páipéir agus marcóirí do gach grúpa.

Cad iad na cosúlachtaí a thugann tú faoi deara idir na pictiúir den bhaile/Addis Ababa? Céard a d'fhéadfadh Martha agus Desta a bheith ag súil leis faoin cathair?

Cén chaoi a gceapann tú go n-athróidh a saolta?

Teifeach nó imirceach?

Is é is **teifeach** duine ar éigean dóibh a dtír féin a fhágáil, mar gheall go bhfuil a saol i mbaol, agus sábháilteacht a lorg i dtír eile. B'fhéidir gur mar gheall ar fhoréigean, coimhlint, idirdhealú (reiligiúnach, ciníoch, sóisialta nó polaitiúil) nó tubaistí nádúrtha.

Is é is **imirceach** duine a dhéanann cinneadh chun a mbaile a fhágáil chun saol níos fearr a dhéanamh in áit eile, go minic chun deiseanna oibre níos fearr a fháil.

Céim 2

Déan plé ar na rudaí a d'fhéadfadh Martha agus Desta pacáil dá dturas agus dá saol in Addis Ababa. I ngrúpaí de thriúr, iarr ar na daltaí radharc athchuímhne a chruthú d'am níos sona don teaghlach, m.sh. breithlá, ceiliúradh, éacht, srl. Ag brath ar chumais an ghrúpa d'fhéadfadh mínm gearr nó radharc ina bhfuil dialóg a bheith i gceist anseo. Ba cheart go n-ionchorpródh gach grúpa rud dá rogha féin isteach ar bhealach a léiríonn a suntasacht. Tabhair páipéar agus marcóirí do na grúpaí chun an rud seo a tharraingt.

Cad iad na rudaí speisialta nó maoithneacha a d'fhéadfaidís a thabhairt leo?

Céim 3

Iarr ar na daltaí cé acu de na carachtair ar mhaith leo ceisteanna a chur orthu ar an oíche sula bhfágann Martha agus Desta. Le chéile, cum ceisteanna don charachtar sin agus ansin glaoigh ar dhuine le bheith sa chathaoir mar an duine roghnaithe.

Ar chuir aon cheann de na freagraí ionadh ort?

Cén fáth?

An gceapann tú go bhféadfadh aon duine eile de bhaill an teaghlaigh a bheith ag mothú mar a chéile faoi ___?

Céim 4

Tabhair teimpléad um iontráil dialainne do gach dalta agus iarr orthu iontráil a scríobh ar a n-óiche dheiridh sa bhaile i ról mar Martha nó Desta – féadfaidh siad a thabhairt le fios cén carachtar a roghnaigh siad nuair a chuireann siad ainm leis an iontráil dialainne. Taobh amuigh den ról iarr ar na daltaí eile an t-alt is fearr leo a mharcáil. Iarr ar na daltaí a n-ailt roghnaithe a léamh os ard.

Cad iad na mothúcháin atá á mothú ag Martha agus Desta?

Cén chaoi a bhféadfadh na siblíní eile agus Solomon a bheith ag mothú?

Céim 5 - roghnach

Iarr ar na daltaí ar bhog siad féin, nó baill dá dteaghlaigh, chuig áiteanna eile den tír nó chuig tíortha eile. Déan plé ar na cúiseanna gur bhog siad agus cár bhog siad. Liostaigh na tíortha agus sainaithin áiteanna leis an gcruinneog nó léarscáil.

Cén áit ar domhan ina bhfuil imirce ag tarlú inniu?

Cén fáth go bhfuil sé ag tarlú?

Ar tharla sé cheana?

An bhfuil na cúiseanna mar a chéile?

Cén chaoi a bhfreagraíonn daoine don imirce?

An gceapann tú gur bealach maith amach as an mbochtaineacht í an imirce?

Cén chaoi gur féidir leis an imirce a bheith go maith do na daoine a fágadh taobh thiar?

Teimpléad d'iontráil dialainne

A Dhiálann,

Agus mé á scríobh seo mo tháim

Bhí an lá inniu

Nuair a bhí mé ag pacáil, thug mé faoi deara

Nuair a shroichim an chathair tá súil agam

Ceacht 4

Forbhreathnú ceachta:

Fiosraítear sa cheacht seo saolta Desta agus Martha mar imircigh in Addis Ababa

Acmhainní:

Pictiúir de Addis Ababa, uirlisí ceoil, páipéar, pinn, an rud cainte (mála pónairí)

Céim 1

Taispeáin réimse pictiúr ó Addis Ababa. Déan plé ar céard a fheiceann na daltaí agus cén saghas boladh agus fuaimeanna a dtiocfaidh siad orthu dá mbeidís sna háiteanna sna pictiúir. Scar an rang ina ngrúpaí móra. Iarr ar gach grúpa a bhfuaimdhreach féin de thuras tríd an gcathair a chruthú agus a thaibhiú. Iarr orthu smaoineamh ar fhuaimneanna cúlra agus fhuaimneanna ó am go chéile mar aon le leibhéil éagsúla fuaime. D'fhéadfaí uirlisí a úsáid don ghníomhaíocht seo má tá siad ar fáil agus d'fhéadfaí stiúrthóir a cheapadh i ngach grúpa.

Cad iad na fuaimeanna a chloisfeadh Martha agus Desta sa chathair?

Cad iad na fuaimeanna ainmí/daoine/innealra a d'fhéadfaí a chloisteáil?

Céim 2

Le chéile, déan tobsmaointeoireacht ar na cineálacha oibre a d'fhéadfadh imircigh chuig an gcathair a dhéanamh. Iarr ar gach grúpa radharc míme gearr a chruthú ina thaispeántar saol an imircigh. Áirítear le samplaí de láithreacha suíomh tógála, óstán, ionad dumpála bruscair, srl. Léirigh gur cheart go mbeadh sé soiléir ón radharc míme cá háit a bhfuil an obair á déanamh, an cineál oibre agus an chaoi a mothaíonn na daoine sa radharc faoi.

Cé acu an rogha is tarraingtí?

Cé acu an rogha nach bhfuil tarraingteach?

Cén fáth?

An bhfuil sé cóir go bhfuil ar Martha agus Desta (agus leanaí eile) dul ag obair?

Cén fáth go dtéann leanaí i roinnt áiteanna ar domhan ag obair in ionad dul ar scoil?

Céim 3

Mínigh go bhfuair Martha post i dteach ag obair mar chailín aimsire. Mar gheall go bhfuil sí in ann cócaireacht, tuilleann sí níos mó ná na cailíní aimsire eile. Déan tobsmaointeoireacht ar liosta de na dualgais a d'fhéadfadh a bheith aici - cuimhnigh go mbeadh an teach in Addis Ababa an-éagsúil ó theach Martha faoin tuath (m.sh. uisce, leictreachas, fearais). Mar rang nó i ngrúpaí, cruthaigh amchlár do lá Martha mar chailín aimsire i dteach príobháideach in Addis Ababa.

Nó de rogha air sin, roinn na daltaí i ngrúpaí níos lú chun trí phictiúr reoite a chruthú a thaispeánann lá oibre do Martha. Roghnach: D'fhéadfadh gach pictiúr reoite teacht ina bheatha agus líne amháin dialóige a bheith ann.

Tá mé ag feiceáil _____. An é seo a theastaigh uait a thaispeáint?

Céim 4

Mínigh go raibh Desta ag obair ar shuíomh tógála ag iompar brící ach gur ghortaigh sé a lámh. Ní féidir leis oibriú ann a thuilleadh agus tá sé ag obair anois in ionad dumpála na cathrach ag bailiú rudaí gur féidir leis a dhíol, m.sh. píosaí dramh-mhiotail agus plaisteach. Tá sé an-mhíshásta agus ag smaoineamh fillleadh abhaile ar an bhfeirm.

Roinn an rang ina dhá líne agus iarr orthu a chur ina luí ar Desta céard ba cheart dó a dhéanamh – ar cheart dó fanacht in Addis Ababa nó fillleadh abhaile. Siúl trí na líne agus tabhair deis do gach dalta a t(h)uairim faoin gceist. Ag an deireadh, déan cinneadh fillleadh ar an mbaile nó fanacht bunaithe ar an tromlach.

An aontaíonn tú leis an gcinneadh?

Cén fáth?

Cén fhreagairt a cheapann tú a bheadh ag Martha?

Seachas fillleadh abhaile, céard eile a d'fhéadfadh Desta a dhéanamh?

Céard iad na tosca a bhrúnn imircigh ón gcathair?

Céim 5

Ag brath ar an toradh thuas, iarr ar na daltaí ar fad litir a scríobh abhaile má tá siad ag fanacht (ag míniú a dturais, an áit ina bhfuil siad ina gcónaí, céard atá ar siúl acu, srl.), nó iontráil dialainne a scríobh má tá siad ag fillleadh abhaile (ag plé a smaointe agus a mothúcháin ar an gceist, lena n-áirítear an chaoi a cheapann siad a fhreagróidh a dteaghlach). Ba cheart dóibh scríobh i ról Desta. Nuair atá siad críochnaithe, iarr orthu líne a chur faoi aon fhocail mhothúcháin. Iarr ar an rang cé na focail a roghnaigh siad.

Céim 6

Bailigh an rang i gciortal. Tar ar ais chuig an gceist 'An bealach maith amach as an mbochtaineacht í an imirce?' An bhfuil a n-intinn athraithe ag na daltaí in aon chor? Déan comparáid idir shaol imircigh as Éirinn (san am a caitheadh agus anois) le saol na ndaoine sin as an Aetóip – an bhfuil aon chosúlachtaí nó difríochtaí? Úsáid an rud cainte (m.sh. mála pónaire) le ceadú do gach leanbh a bpointe a dhéanamh. Ní féidir ach leis an duine a bhfuil an rud acu labhairt.

Grianghraif de Addis Ababa



Grianghraif de Addis Ababa



Ceacht 5

Forbhreathnú ceachta:

Fiosraítear sa cheacht seo na dearchtaí éagsúla ar an imirce san Aetóip.

Acmhainní:

Comharthóir ról (m.sh. seaicéad culaithe, fáisc-chlár), nótaí post-it, bileog le réiteach d'agallamh, teimpléid um ráiteas pearsanta

Tabhair faoi deara:

Is fearr a d'oibreodh an ceacht seo i ngnáth-thimpeallacht seomra ranga, agus daltaí ina suí ag a ndeasca.

Céim 1

I ról mar bhainisteoir tionscadail nua ag Real World Productions, cuir tú féin agus an tionscadal iontach nua seo in aithne. Míneigh:

- Tháinig stáisiún teilifíse chuig an gcuideachta, Real World Productions, chun clár faisnéise a dhéanamh ar an imirce san Aetóip.
- Is í an chúis gur roghnaíodh iad ná mar go bhfuil siad go maith ag déanamh clár faisnéise ina gcuirtear tuairimí go leor daoine san áireamh
- Clúdóidh an clár faisnéise seo imirce laistigh den Aetóip agus leanann sé scéalta imirceach a d'fhág an tír freisin
- Má théann siad i gcion ar an stáisiún teilifíse, tairgfear conradh dóibh chun go leor clár faisnéise a tháirgeadh

Cén treo inar cheart don clár faisnéise seo dul?

Cé na réimsí a bhféadfaimis a fhiosrú?

Céim 2

Féach ar réimse ceannlínte nuachta maidir leis an imirce san Aetóip agus in áiteanna eile. Déan plé ar cé na grúpaí a bheadh suimiúil le cur faoi agallamh don chlár faisnéise. Tabhair grúpa do gach grúpa daltaí le cur faoi agallamh (m.sh. smuigléirí, gasúir ar imircigh iad, polaiteoirí, carthanais, teifigh). Is gá go mbeadh líon cothrom grúpaí ann don chéad chéim eile.

Chuala mé gur chuir tú Martha agus Desta faoi agallamh i gcomhair clár faisnéise ar an triomach. An bhféadfaimis iad a chur faoi agallamh don chlár faisnéise seo?

Cé eile a d'fhéadfaí a chur faoi agallamh?

Céim 3

Tabhair amach an bhileog le réiteach d'agallamh. Iarr ar gach grúpa ceisteanna a réiteach agus iad a scríobh ar an mbileog le réiteach d'agallamh. Iarr ar gach grúpa cur i láthair a dhéanamh duit, i ról mar bhainisteoir tionscadail, lena gceisteanna sula dtéann tú ar aghaidh chun socruithe taistil a dhéanamh (m.sh. eitiltí agus cóiríocht a chur i láthair, vacsaíní a fháil, srl.). Nuair a fhaomhtar na ceisteanna ar fad, sainaithin péirí grúpaí a oibreoidh le chéile. Iarr ar gach grúpa duine a ainmniú leis na ceisteanna chur agus duine chun nótaí a thógáil. Iarr ar an duine a chuireann na ceisteanna agus an duine a thógann nótaí i ngach grúpa babhtáil lena ngrúpa páirtí agus na hagallaimh a dhéanamh. Glacfaidh na daltaí eile i ngach grúpa le ról an ghrúpa is gá don ghrúpa páirtí a chur faoi agallamh. Is féidir nótaí a thógáil in aice le gach ceist ar an mbileog le réiteach d'agallamh.

Céim 4

Iarr ar gach grúpa an méid a d'fhoghlaim siad tar éis na hagallaimh a thuairisciú. Déan plé ar an gcaoi a d'fhéadfaí na hagallaimh a úsáid sa chlár faisnéise – cén ord ina bhféadfaí iad a thaispeáint. Cé na príomhphointí a d'fhéadfaí a dhéanamh sa chlár faisnéise? Cé na ceisteanna móra faoin imirce a d'fhéadfaí a fhreagairt?

Cén chaoi a raibh do thuras chuig _____?

Cé a chuir tú faoi agallamh?

Céard é an rud ba shuimiúla a d'fhoghlaim tú?

Ar chuir aon rud ionadh ort? An bealach maith amach as an mbochtaineacht í an imirce?

Tabhair faoi deara: d'fhéadfaí smaointe éagsúla a fhiosrú ag brath ar an méid eolais a thagann as na hagallaimh agus smaointe na ndaltaí. Mar shampla, d'fhéadfadh daltaí na nithe seo a dhéanamh

- √ bealaí go bhféadfadh breathnóirí cabhrú le himircigh
- √ critic a dhéanamh ar ról carthanas agus cumarsáidí carthanas maidir le himircigh agus imirce
- √ féachaint ar ról na hAetóipe chun teifigh a óstáil.

Céim 5

Mínigh go gcríochnófar an clár faisnéise le roinnt ráiteas pearsanta ó dhéantóirí an chlár faisnéis faoin gcaoi a ndeachaigh déanamh an chlár faisnéise i bhfeidhm orthu. Iarr ar na daltaí píosa gairid a scríobh astu féin leis an teimpléad um ráiteas pearsanta.

Céard a d'fhoghlaim tú ón gclár faisnéise a dhéanamh?

Céim 6

Déan plé ar na rudaí a d'fhoghlaim na leanaí faoin mbochtaineacht, triomach agus imirce ón tsraith ceachtanna seo. Cé na ceisteanna atá acu go fóill? Cé na tuairimí atá cruthaithe acu?

Ceannlínte nuachtáin faoin imirce

The dangerous route of Ethiopian migrants

The New Yorker (SAM) 2017

Ethiopia government on the move to curb illegal migration

The Ethiopian Herald (Ethiopia) 2017

African migration is the biggest crisis of our time

Financial Times (International) 2017

The African migration tragedy in Yemen

New York Times (USA) 2017

Can jobs in Ethiopia keep Eritrean refugees out of Europe?

BBC News (UK) 2017

Ethiopia hosts more than 840000 refugees: UNHCR

Xinhua (China) 2017

Ethiopia urges illegal workers in Saudi Arabia to come home

BBC News (UK) 2017

Why migration to Ireland should be encouraged

The Irish Times (Ireland) 2017

Mediterranean death rate doubles as migrant crossings fall

The Guardian (UK) 2017

Migrants: How many more can we take?

The Daily Mail (UK) 2015

Migrants swarm to Britain

Daily Express (UK) 2015



Bileog le Réiteach d'Agallamh

Grúpa á gcur faoi agallamh:

Ceisteanna:

1.

2.

3.

4.

Faofa ag an mbainisteoir tá/níl



Ráiteas Pearsanta

Nóta treorach: Déan trácht ar an gcaoi a ndeachaigh déanamh an chláir faisnéise i bhfeidhm ort. Ar athraigh tú do thuairim ar imircigh? Cén chaoi a mhothaíonn tú gur cheart do dhaoine eile caitheamh le himircigh? Céard ba cheart a bheith ar eolas ag an domhan faoin

Bileog um thaifead foghlama

3-2-1

TRÍ FHÍRIC A D'FHOGHLAIM MÉ

--	--	--

DHÁ CHEIST ATÁ FÓS AGAM

--	--

TUAIRIM AMHÁIN ATÁ AGAM ANOIS

--

Bileog féinmheasúnaithe

Ainm na Scoile: _____

Rang: _____

Dáta: _____

Smaoinigh ar an méid atá ar eolas agat sula dtosaíonn na ceachtanna agus an méid a d'fhoghlaim tú mar thoradh ar na ceachtanna. Tabhair scór idir 1 agus 10 do gach líne inar ionann 1 = tá beagán ar eolas agam agus 10 = tá go leor ar eolas agam.

Scór Roimhe	EOLAS	Scór ina Dhiaidh
	An Aetóip	
	Triomach	
	Imirce	
	IOMLÁN	

Scór Roimhe	SCILEANNA	Scór ina Dhiaidh
	Is féidir liom oibriú go maith i ngrúpaí chun tascanna a dhéanamh.	
	Is féidir liom ceisteanna a chur maidir le saincheisteanna domhanda.	
	Is féidir liom labhairt le daoine eile maidir le saincheisteanna domhanda.	
	IOMLÁN	

Scór Roimhe	LUACHANNA AGUS MEONTA	Scór ina Dhiaidh
	Tuigim gur féidir le daoine éagsúla rudaí a fheiceáil ar bhealaí éagsúla.	
	Mothaím gur gá uile dúinn tacú le daoine atá ag streachailt sa domhan.	
	Ceapaim go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh an domhan níos cothroime.	
	IOMLÁN	

Naisc úsáideacha agus smaointe leanúnacha

Foghlaim tuilleadh

CBBC Newsround Guide: What is drought and how does it happen?

<http://www.bbc.co.uk/newsround/14325352>

Our Africa - Ethiopia

<http://www.our-africa.org/ethiopia>

Déan Comparáid idir Éire agus an Aetóip

<http://www.ifitweremyhome.com/compare/IE/ET>

CIA World Fact Book - Ethiopia

https://www.cia.gov/library/publications/the-world-factbook/geos/print_et.html

Photos for Class - suíomh gréasáin le grianghraif atá oiriúnach do scoileanna

<http://www.photosforclass.com/>

Obair GOAL san Aetóip

<https://www.goalglobal.org/countries/ethiopia>

Glac gníomh

Leabhar Gníomhaíochta Lá Bia Domhanda

<http://www.fao.org/3/a-i7323e.pdf>



The World's Largest Lesson

<http://worldslargestlesson.globalgoals.org/>



The Lazy Person's Guide to Saving the World

<http://www.un.org/sustainabledevelopment/takeaction/>

INTO Global Citizenship School

<http://www.into.ie/ROI/GlobalCitizenshipSchool/>

Gradaim Ár nDomhan Cúnamh Éireann

<http://ourworldirishaidawards.ie/>


GOAL Humanitarian School Award

<https://www.goalglobal.org/schools/goal-humanitarian-schools-award>

© GOAL 2019

Arna scríobh ag: Louise Merrigan

Arna fhoilsiú ag: GOAL



Triomach agus Imirce san Aetóip

Acmhainn um Oideachas
Forbartha do Bhunscoileanna